TREOIR MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHAIR LEADER A CHUR CHUN FEIDHME I GCLÁIR FORBARTHA TUAITHE 2014-2020

Dréacht 11/10/2013
Arna nuashonrú: 19/11/2014

(Leagan deiridh)

Tabhair faoi deara: féadfar athbhreithnithe breise a dhéanamh ar an leagan seo chun cur le haschuir ghrúpa oibre ar an gcomhar LEADER a bhfuil sé beartaithe é a fheidhmiú faoin nGréasán Eorpach um Fhorbairt Tuaithe (GEFT)

Clár na nÁbhar

1. Réamhrá 3
1.1. Réamhrá don eolaí 3
1.2. Réamhrá do LEADER/CLLD sa CETFT 2014-2020 3
1.3. Réasúnaíocht an chomhair faoi LEADER/CLLD 3
2. Bunús dlí ghníomhaíochtaí comhair LEADER 4
3. Coinníollacha incháilitheachta faoi CETFT 5
3.1. Prionsabail ghinearálta 5
3.2. Cineálacha tacaíochta 7
3.2.1. Tacaíocht theicniúil ullmhúcháin 7
3.2.2. Tacaíocht don tionscadal comhair 8
3.3. Raon airgeadais na tacaíochta don chomhar 8
4. Nósanna imeachta chun gníomhaíochtaí comhair a roghnú 9
4.1. Tacaíocht theicniúil ullmhúcháin a roghnú don chomhar 9
4.2. Na tionscadail comhair féin a roghnú 9
4.2.1 Roghnúchán ag grúpaí gníomhaíochta áitiúla (GGAnna) 9
4.2.2. Roghnúchán ag na hÚdaráis Bhainistíochta 10
5. Forálacha sonracha don chomhar trasnáisiúnta (CTN) 11
6. Ról na ngréasán tuaithe (GEFT agus GNTanna) i gcomhar LEADER 12
7. Moltaí deireanacha 13
AGUISÍN 1. Doiciméid thagartha (don tréimhse 2014-2020) 14
AGUISÍN 2. Rannán 8.4 den Eolaí CLLD 15
AGUISÍN 3. Foirm malartaithe eolais 17

1. Réamhrá

1.1. Réamhrá don eolaí

Féachtar san eolaí seo le soiléiriú a dhéanamh ar ról na ngníomhaíochtaí comhair faoi LEADER i gcláir forbartha tuaithe 2014-2020.

Ba cheart go nglacfaí leis an eolaí seo mar dhoiciméad táscach tagartha: ní chruthaítear aon riail nua reachtaíochta leis. Ar aon slí, is í an Chúirt Bhreithiúnais atá freagrach as ciall a bhaint as dlí an Chomhphobail ar deireadh.

Doiciméad comhlántach atá anseo don Treoir maidir le Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail (CLLD) - arna heisiúint ag na ceithre Ard-Stiúrthóireacht (ASanna) den Choimisiún Eorpach atá freagrach as cistí SIE[1] - ina dtaispeántar gníomhaíochtaí comhair CLLD dá bhforáiltear sa Rialachán maidir le Forálacha Coiteanna (RFC) agus sna rialacha ciste-shonracha le haghaidh CETFT[2] agus CEMI[3].

1.2. Réamhrá do LEADER/CLLD sa CETFT 2014-2020

Sa tréimhse 2014-2020, tacóidh CETFT le tionscadail thrasnáisiúnta agus idir-chríochacha comhair a chuirtear ar siúl ag grúpaí gníomhaíochta áitiúla (GGAnna) mar chuid de na straitéisí forbartha áitiúla (SFÁnna), arna roghnú faoi CLLD/LEADER, a chur chun feidhme.

Is gné éigeantach den bheart LEADER í an tacaíocht don chomhar. Ba cheart go gcuirfí san áireamh i gCláir Forbartha Tuaithe (CFTanna) tacaíocht ullmhúcháin don chomhar agus tacaíocht do thionscadail comhair araon. Tá sé sin molta ag leibhéal GGA ach níl sé éigeantach. Féadfaidh an rogha a bheith ag GGAnna ar leith úsáid a bhaint as an tacaíocht don chomhar a chuirtear ar fáil nó gan é sin a dhéanamh.

1.3. Réasúnaíocht an chomhair faoi LEADER/CLLD

Is bealach é an comhar chun dearcthaí áitiúla a leathnú agus chun eolas nua a chur ar fáil i limistéar d'fhonn straitéisí áitiúla a fheabhsú. Is féidir leis **carachtar nuálach na ngníomhartha um fhorbairt áitiúil a spreagadh** agus cur le hiomaíochas méadaithe sa limistéar trí na rudaí seo a leanas: forbairt acmhainní agus comhpháirtithe nua gnó a thabhairt isteach; agus nuáil, saineolas agus scileanna nua a scaipeadh.

De bhreis ar na leasanna a d'fhéadfadh a bheith bainteach le comhar idir-chríochach (laistigh de Bhallstát), **cuirtear breisluach forlíontach Eorpach le forbairt áitiúil dá bharr freisin.**

Is féidir le comhar limistéar GGA le limistéir gheografacha eile a bheith ina **phríomhchomhpháirt d'aon straitéis forbartha áitiúil (SFÁ) CLLD/LEADER** nó ina **shócmhainn bhreise don straitéis seo**. Is féidir le forbairt chéimneach teacht air, idir thaithí a mhalartú agus chleachtas, a bhfuil an-ghealladh faoi, a aistriú chuig gníomhaíocht chomhchoiteann. Is féidir leis an gcomhar le críocha eile a bhfuil CLLD/LEADER á gcur chun feidhme acu a bheith ina **uirlis straitéiseach ar féidir le GGA í a úsáid chun an tairseach chriticiúil atá riachtanach do thionscadail áirithe a bhaint amach** nó chun **acmhainní comhlántacha agus saineolas comhlántach a roinnt**.

[1] Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa

[2] An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe

[3] An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh

2. Bunús dlí ghníomhaíochtaí comhair LEADER

Tá an comhar faoi LEADER bunaithe ar théacsanna éagsúla dlí.

Rialachán 1303/2013 (RFC):

Airt. 32 *Forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail*

(2) Is éard a bheidh san fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail:

(d) forbairt a thabharfaidh aird ar na riachtanais áitiúla agus ar an acmhainneacht áitiúil agus í á ceapadh, agus áireofar inti gnéithe nuálacha sa chomhthéacs áitiúil, líonrú agus, i gcás inarb iomchuí, comhar.

Airt. 34 *Grúpaí gníomhaíochta áitiúla*

(3) Beidh an méid seo a leanas san áireamh i gcúraimí na ngrúpaí gníomhaíochta áitiúla:

(f) oibríochtaí a roghnú agus méid na tacaíochta a shocrú agus, i gcás inarb ábhartha, na tograí a thíolacadh don chomhlacht atá freagrach as fíorú críochnaitheach a dhéanamh ar incháilitheacht sula ndéanfar iad a fhormheas;

(5) I gcás gníomhaíochtaí comhair de chuid grúpaí gníomhaíochta áitiúla dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 35(1), féadfaidh an t-údarás bainistíochta atá freagrach na cúraimí a leagtar amach i bpointe (f) de mhír 3 den Airteagal seo a chur i gcrích.

Airt. 35 *Tacaíocht ó Chistí SIE d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail*

(1) Cumhdóidh tacaíocht ó Chistí SIE lena mbaineann d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail an méid seo a leanas:

(c) gníomhaíochtaí comhair de chuid an ghrúpa gníomhaíochta áitiúil a ullmhú agus a chur chun feidhme;

Rialachán 1305/2013 (Rialachán CETFT):

Airt. 44 *Gníomhaíochtaí comhair LEADER*

(1) Déanfar an tacaíocht dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a dheonú do na gníomhaíochtaí seo:

(a) tionscadail comhair laistigh de Bhallstát (comhar idir-chríochach) nó tionscadail comhair idir-chríocha i roinnt Ballstát nó le críocha i dtríú tíortha (comhar trasnáisiúnta),

(b) tacaíocht theicniúil ullmhúcháin le haghaidh tionscadail comhair idir-chríocha agus thrasnáisiúnta, ar chuntar gur féidir le grúpaí gníomhaíochta áitiúla a léiriú go bhfuil cur chun feidhme tionscadail nithiúil faoi chaibidil acu.

(2) Cé is moite de ghrúpaí gníomhaíochta áitiúla eile, féadfaidh siad seo a leanas a bheith ina gcomhpháirtithe i ngrúpa gníomhaíochta áitiúil faoi CETFT:

(a) grúpa de chomhpháirtithe áitiúla poiblí agus príobháideacha i gcríoch tuaithe a bhfuil straitéis áitiúil forbartha á cur chun feidhme aici laistigh den Aontas nó lasmuigh de;

(b) grúpa de chomhpháirtithe áitiúla poiblí agus príobháideacha i gcríoch neamh-tuaithe a bhfuil straitéis áitiúil forbartha á cur chun feidhme aici.

(3) I gcásanna nach roghnaíonn na grúpaí gníomhaíochta áitiúla na tionscadail comhair, bunóidh na Ballstáit córas iarratais leanúnaigh.

Poibleoidh siad na nósanna imeachta náisiúnta nó réigiúnacha riaracháin a bhaineann le roghnú na dtionscadal comhair thrasnáisiúnta chomh maith le liosta de na costais incháilithe dhá bliain ar a dhéanaí tar éis dháta formheasa a gclár forbartha tuaithe.

Formheasfaidh an t-údarás inniúil na tionscadail comhair tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis an dáta ar cuireadh isteach an t-iarratas tionscadail.

(4) Cuirfidh na Ballstáit na tionscadail comhair thrasnáisiúnta fhormheasta in iúl don Choimisiún.

Airt. 52 *Gréasán Eorpach um fhorbairt tuaithe*

(3) Is iad seo a leanas na cúraimí a bheidh ar an ngréasán:

(g) tacú le tionscnaimh comhair na ngréasán náisiúnta agus trasnáisiúnta agus leis an gcomhroinnt taithí maidir le gníomhaíochtaí i réimse na forbartha tuaithe le gréasáin i dtríú tíortha;

(h) i gcás grúpaí gníomhaíochta áitiúla go sonrach:

(ii) comhoibriú leis na comhlachtaí líonraithe agus leis na comhlachtaí tacaíochta teicniúla d'fhorbairt áitiúil arna mbunú ag CFRE, CSE, agus an CEMI maidir le gníomhaíochtaí forbartha áitiúla agus comhar trasnáisiúnta.

Airt. 54 *Gréasán náisiúnta tuaithe*

(3) Bainfear úsáid as tacaíocht CETFT faoi Airteagal 51 (3):

(b) chun plean gníomhaíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme ina gcumhdófar an méid seo a leanas ar a laghad:

(iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí oiliúna agus líonraithe a chur ar fáil do ghrúpaí gníomhaíochta áitiúla agus go háirithe cúnamh teicniúil maidir le comhar idir-chríochach agus trasnáisiúnta, comhar a éascú idir ghrúpaí gníomhaíochta áitiúla agus comhpháirtithe a lorg don bheart dá dtagraítear in Airteagal 35.

3. Coinníollacha incháilitheachta faoi CETFT[4]

3.1. Prionsabail ghinearálta

- Raon feidhme geografach:

Tá raon feidhme geografach na gcomhpháirtithe féideartha comhair de GGAnna CETFT/LEADER liostaithe in Airt. 44(2) de Rialachán CETFT. Go háirithe, sonraítear san airteagal seo go bhféadfaidh GGAnna comhoibriú le comhpháirtithe ó thíortha **san Aontas Eorpach (AE) agus lasmuigh de**. Féadfaidh comhpháirtithe san Aontas Eorpach a bheith lonnaithe i **limistéir tuaithe agus i limistéir uirbeacha araon**. Ach ní mór do na comhpháirtithe ó lasmuigh den Aontas Eorpach a bheith lonnaithe i limistéir tuaithe.

Chun a oiread leasa agus is féidir a bhaint as na leasanna a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an gcomhar, ba cheart go gcinnteodh na hÚdaráis Bhainistíochta (ÚBanna) nach ndéanfaí raon feidhme geografach an chomhair a theorannú gan gá. Cé go bhféadfaidh GGAnna comhoibriú le comhpháirtíochtaí i limistéir uirbeacha nó i limistéir lasmuigh den AE, ní bheidh ach na hoibríochtaí a bhaineann le SFÁnna/GGAnna, a roghnaítear chun tacaíocht a thabhairt dóibh faoi bheart CLLD/LEADER de chlár forbartha tuaithe, incháilithe chun cistiúchán a fháil ó CETFT. Ní mór cloí leis na forálacha maidir le "Incháilitheacht oibríochtaí atá ag brath ar shuíomh" atá leagtha síos le haghaidh Chistí SEI (féach Airt. 70 RFC), go háirithe maidir le caiteachas i dtríú tíortha.

[4] Forbraíodh "Eolaí um Chomhar Trasnáisiúnta [CTN] LEADER" uilechuimsitheach ag an nGréasán Eorpach um Fhorbairt Tuaithe (GEFT) faoin "Tairseach LEADER". Is féidir an t-eolaí a úsáid chun cabhair a fháil maidir le cur chuige sainiúil a fhorbairt don chomhar cláreagraithe. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh GEFT bileoga fíricí a bhfuil eolas iontu faoi rialacha agus nósanna imeachta CTN na mBallstát ar leith in 2007-13: http://enrd.ec.europa.eu/enrd-static/leader/tnc_guide/en/tnc_guide_en.html

Thairis sin, tá eilimintí luachmhara anailíse mar aon le moltaí i dTuarascáil Fhócasghrúpa 3 GEFT LEADER ("Implementation of the LEADER cooperation measure" [Beart comhair LEADER a chur chun feidhme]): http://enrd.ec.europa.eu/enrd-static/leader/leader/focus-groups/en/focus-group-3_en.html

- Cineálacha comhpháirtithe

Agus na rialacha maidir le comhar á sainmhíniú, ba cheart go ndéanfadh ÚBanna foráil do raon leathan comhpháirtithe féideartha chun na cineálacha éagsúla comhpháirtíochtaí atá i limistéir gheografacha san Aontas agus lasmuigh de a chur san áireamh. Go háirithe, ní ceart go gcuirfidís an comhar idir GGAnna agus comhpháirtíochtaí nach GGAnna iad as an áireamh.

Sonraítear in Airteagal 44(2) de rialachán CETFT gur gá do chomhpháirtí thionscadal comhair de GGA LEADER nach GGA eile é a bheith ina "grúpa de chomhpháirtithe áitiúla poiblí agus príobháideacha (…) a bhfuil straitéis áitiúil forbartha á cur chun feidhme aige". Ciallaíonn sé sin gur gá do raon gnímh an ghrúpa seo a bheith cosúil le raon gnímh GGA, ach nach gá dó cloí leis na gnéithe uile atá mar choinníoll in Airt. 33 RFC (ar "Straitéisí um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail").

Ag tús thionscadal comhair, ba cheart go síneodh na comhpháirtithe comhaontú ina shonraítear cúraimí na gcomhpháirtithe go soiléir.

Moltar gur cheart go ndéanfadh na comhpháirtithe príomhchritéir na ngníomhaíochtaí atá le cur i gcrích a shainmhíniú roimh ré/chomhaontú. Féadfaidh siad teacht ar chomhaontú freisin maidir leis na cineálacha oibríochta atá lasmuigh de raon an tionscadail.

Tá sé tábhachtach freisin go ndéanann na comhpháirtithe comhair na comhpháirtithe eile a choimeád ar an eolas faoi dhul chun cinn an tionscadail agus faoi na hathruithe a dhéantar ar chur chun feidhme an tionscadail, más ann dóibh, d'fhonn oiriúnuithe riachtanacha a cheadú chun a chinntiú go mbaintear amach na cuspóirí tionscadail a leagtar amach le chéile.

- Tairbhithe thionscadail comhair:

Bíonn gá le leibhéal comhair níos airde i dtionscadail comhair ná i ngnáththionscadail áitiúla. Is minic a bhíonn gné láidir chomhchoiteann nó chríochach acu freisin. Sna cásanna sin, bíonn an-chiall le tairbhí deireanach na tacaíochta i dtionscadal comhair a bheith ina GGA féin. Tá sé sin ceadaithe go soiléir in Airt. 34(4) RFC.

- An príomhchomhpháirtí

Ní gá príomhchomhpháirtí (dá ngairtear an grúpa comhordaithe gníomhaíochta áitiúil uaireanta) a ainmniú le haghaidh thionscadail comhair, ach moltar go láidir amhlaidh a dhéanamh. Mura n-ainmnítear príomhchomhpháirtí, ní mór na cúraimí a roinnt go fíorshoiléir idir na comhpháirtithe agus go mbeadh leibhéal a gcuid tiomantais ard agus ar an gcaighdeán céanna.

De ghnáth ba cheart iad seo a bheith curtha san áireamh le róil agus freagrachtaí an phríomhchomhpháirtí:

- Dearadh an tionscadail a threorú agus a chomhordú - lena n-áirítear an comhaontú comhair idir na comhpháirtithe a ullmhú;
- Iarratais ar mhaoiniú ag gach comhpháirtí a chomhordú agus faireachán a dhéanamh orthu;
- Cur chun feidhme an tionscadail agus na cúraimí atá le cur i gcrích ag gach comhpháirtí (malartuithe a eagrú, aschuir chomhpháirteacha, srl.) a stiúradh agus a chomhordú;

- Faireachán a dhéanamh ar éachtaí agus ar an dul chun cinn airgeadais agus iad sin a chur in iúl.

Is féidir róil agus freagrachtaí eile a chur leis ag brath ar riachtanais na dtionscadail comhair.

Ní mór go mbeadh buiséad níos airde ag an bpríomhchomhpháirtí ná ag na comhpháirtithe eile chun a fhreagrachtaí a chumhdach. Is féidir an buiséad seo a mhaoiniú: ó GGA nó ó bhuiséad comhair cláir an chomhpháirtí lena mbaineann; nó trí ranníocaíocht ó chomhpháirtithe eile an tionscadail.

3.2. Cineálacha tacaíochta

3.2.1. Tacaíocht theicniúil ullmhúcháin[5]

Sonraítear in Airt. 35 (1)(c) FRC "Cumhdóidh tacaíocht ó chistí SIE lena mbaineann d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail: gníomhaíochtaí comhair de chuid an ghrúpa gníomhaíochta áitiúil a ullmhú agus a chur chun feidhme."

Ciallaíonn sé sin go bhfuil **eilimint tacaíochta teicniúla ullmhúcháin éigeantach** agus gur cheart go gcuirfí chun feidhme í i ngach PFT **don tréimhse iomlán chláreagraithe**. Cuireadh tacaíocht réamhfhorbartha dá leithéid ar fáil ag a lán clár san tréimhse 2007- 2013 agus fiú le linn Leader+, ach is eilimint éigeantach í anois don tacaíocht comhair. Féachtar leis sin líon na ngníomhaíochtaí comhair GGA a nglactar leo a spreagadh.

Féadfaidh a bheith curtha san áireamh, mar shampla, leis na **costais a ndéantar costais incháilithe díobh faoin tacaíocht theicniúil ullmhúcháin**:

- costais a bhaineann le cruinnithe le comhpháirtithe féideartha (taisteal, cóiríocht, táillí ateangairí, srl.);
- costais réamhfhorbartha tionscadail (m.sh. rannpháirtíocht in ócáidí, staidéar indéantachta tionscadail, comhairliúchán le haghaidh saincheisteanna sonracha, costais aistriúcháin, costais foirne breise).

Tá sé deacair, áfach, na gníomhaíochtaí uile a thuar a fhéadfaidh a bheith riachtanach chun riachtanais aonair GGA a chomhlíonadh agus tionscadal comhair á ullmhú. Mar sin, moltar go láidir **gan a bheith ró-shriantach agus tuairisc á tabhairt ar na costais incháilithe sa PFT**.

Ní féidir tacaíocht theicniúil ullmhúcháin a dheonú ach ar chuntar go dtaispeánann GGA go bhfuil cur chun feidhme tionscadail nithiúil faoi chaibidil aige. Ciallaíonn sé sin gur cheart go ndéanfaí cuspóirí agus carachtar an tionscadail atá beartaithe a aithint ar a laghad. **Má fhaightear tacaíocht theicniúil ullmhúcháin, ní thabharfaidh sé seo le tuiscint áfach gur gá tionscadal dá leithéid a chur i gcrích ina dhiaidh sin**, mura bhfuil sé sin inmharthana mar shampla. Bíonn an tacaíocht ullmhúcháin incháilithe go fóill mura dtarlaíonn an tionscadal agus ní ceart go mbeadh oibleagáid ar GGAnna chun an cistiúchán a aisíoc.

Ní ceart go n-úsáidfí **tacaíocht theicniúil ullmhúcháin chun caiteachas a mhaoiniú tar éis comhpháirtíocht comhair a chur ar bun** ar bhonn comhaontaithe, toisc gur gá don tacaíocht ullmhúcháin, de réir sainmhínithe, teacht roimh an dtionscadal comhair féin.

[5] Airt. 44(1)(b) Rial. (AE) Uimh. 1305/2013

Féadfaidh ÚBanna roghnú chun glacadh le huasteorainn don tacaíocht theicniúil ullmhúcháin. Is féidir leo freisin an cur chuige cuí agus na critéir chuí a roghnú (mar shampla suim shocraithe an GGA nó an t-iarratas, srl.)

3.2.2. Tacaíocht don tionscadal comhair[6]

Is féidir tacaíocht CETFT a úsáid freisin chun gníomhaíochtaí an tionscadal comhair féin a mhaoiniú.

Ba cheart go mbeadh **gníomhaíocht nithiúil ann a bhfuil spriocanna nó aschuir atá insroichte go soiléir aici** trína gcruthaítear leasanna do na críocha lena mbaineann. Is féidir díriú sna tionscadail ar raon leathan gníomhartha. Mar shampla, is féidir forbairt acmhainní agus aistriú taithí maidir le forbairt áitiúil a chumhdach trí fhoilseacháin chomhchoiteanna, trí sheimineáir oiliúna agus trí shocruithe nasctha (amhail malartuithe de bhainisteoirí agus baill foirne cláir) trína nglactar le modhanna comhchoiteanna nó comhchosúla modheolaíochta agus oibre nó le hobair forbartha chomhpháirteach nó chomhoibrithe.

Is féidir na critéir incháilitheachta a leagan amach sa SFÁ nó ar leibhéal an chláir, ag brath ar an gcóras roghnúcháin a roghnaítear (féach 4.2.1 agus 4.2.2 thíos). Ba cheart go leanfadh na critéir an cur chuige céanna a úsáidtear chun tionscadail a chur chun feidhme faoin SFÁ ("tionscadail áitiúla")[7].

3.3. Raon airgeadais na tacaíochta don chomhar

Laistigh de gach PFT, ní mór méid shonrach den bhuiséad don bheart LEADER a choimeád do ghníomhaíochtaí comhair. Déantar amhlaidh chun a ráthú do GGAnna gur féidir tionscadail dá leithéid a chur chun feidhme. Ní mór an buiséad comhair a shonrú i dtáblaí aschur airgeadais an PFT.

Nuair a dhéantar tionscadail comhair a roghnú ag GGAnna, ba cheart go leithdháilfí roimh ré do na GGAnna an buiséad gaolmhar, mar aon leis an tsuim a leithdháiltear chun tionscadail áitiúla a chur chun feidhme. Os a choinne sin, má dhéantar gníomhaíochtaí comhair a bhainistiú go lárnach, ní bhfaighidh GGAnna buiséad roimh ré le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin. Beidh orthu iarratas a dhéanamh ar thacaíocht i gcás gach tionscadail i gcreat na nglaonna a eagraítear ag an ÚB.

Is léir ó thaithí go dtógann sé roinnt ama chun tionscadail comhair a fhorbairt. Sin an fáth go moltar freisin buiséad a dhaingniú don **chomhmhaoiniú** náisiúnta le haghaidh comhair le linn na tréimhse cistiúcháin.

<u>Catagóirí costais:</u>

De bhreis ar na **costais ar leith a thabhaítear** ag gach comhpháirtí comhair, ba cheart go mbeadh an sciar de na **costais chomhchoiteanna** a thabhaítear mar chuid de ghníomhaíochtaí comhair a bheith incháilithe freisin. Is éard is costais chomhchoiteanna ann ná na costais a roinntear idir na comhpháirtithe (mar shampla le haghaidh láithreáin ghréasáin nó bróisiúir chomhpháirtigh).

[6] Airt. 44(1)(a) Rial. (AE) Uimh. 1305/2013
[7] Airt. 35(1)(b) Rial. (AE) Uimh. 1303/2013

Chun bacainní neamhriachtanacha do na GGAnna a sheachaint, ba cheart go ndéanfaí iarracht ar leibhéal náisiúnta chun na catagóirí féideartha costais a chomhchuibhiú i dtreoir nó reachtaíocht náisiúnta agus, thar aon ní eile, chun na catagóirí neamh-incháilithe costais a aithint go soiléir.

4. Nósanna imeachta chun gníomhaíochtaí comhair a roghnú

4.1. Tacaíocht theicniúil ullmhúcháin a roghnú don chomhar

Chun éascaíocht a dhéanamh ar obair comhair a thosú, moltar go leagfaí amach nós imeachta ar leith don tacaíocht theicniúil ullmhúcháin atá difriúil ón nós imeachta roghnúcháin do na tionscadail comhair féin.

Is féidir tacaíocht theicniúil ullmhúcháin a roghnú:

a) trí nós imeachta roghnúcháin riaracháin - tugtar an deontas do na GGAnna roghnaithe tar éis iarratas a chur faoi bhráid an Údaráis Bhainistíochta; nó

b) trí nós imeachta roghnúcháin áitiúil a chuirtear i gcrích ag GGAnna ag úsáid cuid den bhuiséad a leithdháiltear chun SFÁ a chur chun feidhme.

4.2. Na tionscadail comhair féin a roghnú

De réir Airt. 34 (RFC), roghnaíonn an GGA na tionscadail atá le cur chun feidhme faoin straitéis forbartha áitiúil (SFÁ). Os a choinne sin, de mhaolú ar Airteagal 34(3)(f) RFC, féadfaidh an tÚdarás Bainistíochta (ÚB) tionscadail comhair a roghnú i gcásanna áirithe.

Mar sin, is féidir tionscadail a roghnú ar dhá bhealach: roghnaíonn an GGA iad; agus tríd an ÚB (féach 4.2.1 agus 4.2.2 thíos). Is féidir úsáid a bhaint freisin, i gcomhthráth agus sa chlár céanna, as an dá bhealach sin chun tionscadail comhair a roghnú.

Ba cheart do na húdaráis atá freagrach a bheith ag obair go gníomhach chun moilleanna sa phróiseas cinnteoireachta a laghdú; is léir go mbraitheann rath na dtionscadail comhair ar iarratais ó na comhpháirtithe éagsúla comhair a láimhseáil go tapa. Ba cheart go ndéanfaí cinneadh maidir le leithdháileadh cistiúcháin laistigh de cheithre mhí ón dáta a chuirtear an tionscadal isteach (an tríú mír d'Airt. 44(3) de Rialachán CETFT). Ba cheart go gcuirfí an teorainn ama seo chun feidhme freisin maidir le tionscadail comhair a roghnaítear ag GGAnna.

Ba cheart go gcinnteodh na Ballstáit nach gcuirfí in aghaidh chomhar GGAnna de bharr nósanna imeachta roghnúcháin agus spriocdhátaí éagsúla. De bhreis ar phróiseas tapa cinnteoireachta, mar shampla, moltar go ndéanfadh ÚBanna bealaí a aithint chun tionscadail comhair a fhormheas go sealadach ina gcríoch féin, ag brath ar fhormheas a fháil le haghaidh comhpháirtithe, ó ÚBanna eile, laistigh de thréimhse ama réasúnta. Ba cheart go mbeadh sé níos éasca ansin tionscadail a chur chun feidhme a bhfuil formheas ó lucht riaracháin éagsúil náisiúnta nó réigiúnach ag teastáil ina leith.

4.2.1 Roghnúchán ag grúpaí gníomhaíochta áitiúla (GGAnna)

I gcásanna ina ndearnadh an comhar a chomhtháthú mar cheann de na tosaíochtaí i straitéis forbartha áitiúil (SFÁ) de chuid GGA, roghnaítear tionscadail comhair ag an GGA sin. Cuirtear cur chuige ón mbonn aníos chun feidhme freisin maidir le comhar sa tsamhail seo um chur chun feidhme.

Go hidéalach, agus chun fanacht chomh gar agus is féidir le prionsabail CLLD/LEADER, moltar go láidir go ndéanfaí gníomhaíochtaí comhair a chur san áireamh i SFÁ GGAnna. Is féidir le gníomhaíochtaí sonracha comhair nó straitéis uilechuimsitheach comhair a bheith i gceist anseo, ag brath ar na riachtanais a aithnítear san anailís ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí (LLDB).

Fógraíonn an GGA go bhfuil sé beartaithe aige comhoibriú i réimse/réimsí atá cumhdaithe ag a straitéis; ach ní aithnítear na comhpháirtithe i gcónaí (os rud é, mar shampla, gur gá na comhpháirtithe sin a roghnú go fóill don chistiúchán LEADER faoi na PFTanna acu). Déanann an GGA ullmhúchán don chomhar ina phlean gníomhaíochta agus ina phlean airgeadais (ar féidir iad a athrú de thoradh ar nós imeachta faireacháin agus measúnaithe más gá).

Sa chás sin, leithdháiltear an buiséad comhair ar an GGA, mar aon leis an tsuim airgid chun SFÁ a chur chun feidhme. Roghnaíonn an GGA tionscadail comhair ar an mbealach céanna is a roghnaítear tionscadail eile SFÁ. Mar sin, tá an ról céanna ag na húdaráis lena mbaineann is atá acu i dtionscadail eile cé gur chosúil go mbeidh tuilleadh céimeanna i gceist toisc go mb'fhéidir go mbraithfidh comhpháirtithe an tionscadail ar fhormheas a fháil ó údarás eile.

Ach is féidir ceart chun tionscadail comhair a roghnú a bhaint freisin den GGA agus a thabhairt d'ÚBanna toisc nach tionscadail áitiúla amháin atá ann. Is tionscadail iad freisin a bhfuil tionchar níos leithne críochach acu. Mar sin, féadfaidh sé a bheith tábhachtach don ÚB an próiseas a stiúradh trí ghlaonna ar thionscadail a eisiúint, trí bhord roghnúcháin a chur ar bun do thionscadail comhair agus trí chritéir aonfhoirmeacha a shainmhíniú, lena n-áirítear cur chuige téamach do na GGAnna uile i limistéar an chláir.

Rinneadh rudaí a láimhseáil ar an mbealach sin ag mórchuid Ballstát le linn glúnta éagsúla de LEADER (féach samplaí ón tréimhse reatha[8]). Ach ní ceart go gcuirfeadh rogha dá leithéid cosc ar GGAnna ó thionscadail comhair a roghnú atá ag teacht lena straitéis. Agus ní ceart go gcuirfeadh rogha dá leithéid deireadh le carachtar ón mbonn aníos de na tionscadail, ná go ndéanfadh sí é sin a lagú.

4.2.2. Roghnúchán ag na hÚdaráis Bhainistíochta

Nuair a dhéanann ÚBanna na tionscadail comhair a roghnú, ba cheart go gcuirfí iarratas "leanúnach" ar bun (Airt. 44(3) de Rialachán CETFT). Ba cheart go dtuigfí leis an oibleagáid sin, dá mba rud é go roghnófaí tionscadail trí bhíthin glaonna, gur cheart go mbeadh na glaonna sin oscailte ar feadh na tréimhse iomláine nó go ndéanfaí trí nó ceithre ghlao in aghaidh na bliana chun rochtain leanúnach ar an gcineál tacaíochta sin a chinntiú.

Pé scéal é, ba cheart go n-eagrófaí glaonna go minic ionas nach gcuirfí isteach ar thionscadail a chur chun feidhme lena mbaineann comhpháirtithe a thagann ó limistéir éagsúla chláir (féach Rannán 5 thíos agus Aguisín 2: Eolaí CLLD, rannán 8.4). Ag féachaint don mhéid ama a thógann sé chun tionscadail comhair a roghnú, spreagtar ÚBanna le bealaí a aithint chun an chaoi a ndúntar an próiseas roghnúcháin ag deireadh an chláir a chomhchuibhiú.

[8] Féach "Rialacha agus nósanna imeachta CTN na mBallstát 2007-2013" ar láithreán gréasáin GEFT: http://enrd.ec.europa.eu/enrd-static/leader/tnc_guide/member-states-tnc-rules-and-procedures/en/member-states-tnc-rules-and-procedures_en.html

Chomh maith leis sin, ba cheart go gcuirfeadh ÚB in iúl do na comhpháirtithe agus ÚBanna eile cibé an ndearnadh tionscadal a fhormheas. Ní mór an t-eolas sin a mhalartú toisc nach féidir an tionscadal a chur chun feidhme (m.sh. íocaíochtaí) go dtí go mbíonn na nósanna imeachta ábhartha uile curtha i gcrích.

Mar a shonraítear thuas, ba cheart go ndéanfadh ÚBanna próiseas tapa cinnteoireachta a chinntiú agus go spreagfaí iad le bealaí a aithint chun tionscadail comhair a fhormheas go sealadach ina gcríoch féin, ag brath ar fhormheas a fháil le haghaidh comhpháirtithe ó ÚBanna eile, laistigh de thréimhse ama réasúnta. Ba cheart go mbeadh sé níos éasca ansin tionscadail a chur chun feidhme a bhfuil formheas ó lucht riaracháin éagsúil náisiúnta nó réigiúnach ag teastáil ina leith.

5. Forálacha sonracha don chomhar trasnáisiúnta (CTN)

Tá forálacha sa Rialachán CETFT ar cheart dóibh cur chun feidhme thionscadail comhair thrasnáisiúnta (CTN) a fheabhsú agus baic aitheanta a laghdú, atá nasctha leis an bhfíoras gur gá formheas a fháil i leith gach tionscadail ó ÚBanna éagsúla a thagann ó Bhallstáit dhifriúla.

Tá roinnt oibleagáidí tábhachtacha le haghaidh ÚBanna in Airteagal 44 de Rialachán CETFT, oibleagáidí maidir le bainistíocht a dhéanamh ar na CTNanna atá leagtha amach thíos. (Féach freisin Rannán 6 chun rochtain a dhéanamh ar oibleagáidí an Ghréasáin Eorpaigh um Fhorbairt Tuaithe (GEFT) agus na nGréasán Náisiúnta Tuaithe (GNTanna) maidir le tacaíocht theicniúil do CTN.)

- ***"Poibleoidh [na Ballstáit] na nósanna imeachta náisiúnta nó réigiúnacha riaracháin a bhaineann le roghnú na dtionscadal comhair thrasnáisiúnta chomh maith le liosta de na costais incháilithe dhá bliain ar a dhéanaí tar éis dháta formheasa a gclár forbartha tuaithe."*** (mír. 2 Airt. 44(3) de Rial. CETFT)

  Ba cheart go gcabhródh sé sin le forbhreathnú ar na rudaí sin go léir, atá inrochtana go poiblí, a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara uile. Tá sé seo tábhachtach go háirithe do na GGAnna ar gá tuiscint a bheith acu ar na rialacha le haghaidh CTN sa PFT acu agus ar na rialacha a chuirtear chun feidhme ar na comhpháirtithe comhair, d'fhonn tionscadal CTN a chur ar bun.

  Moltar freisin go ndéanfaí taithí a mhalartú maidir leis na cineálacha éagsúla rialacha, d'fhonn cuir chuige chomhchosúla a bhaint amach. Tá sé sin tábhachtach go háirithe do na Ballstáit (BS) a mheastar go gcuirfear mórchuid thionscadail CTN chun feidhme idir eatarthu – ag brath ar thaithí ó 2007-13. Is féidir leis na bileoga fíricí CTN (cáipéisí) a foilsíodh le haghaidh gach Ballstáit ar láithreán gréasáin 2007-2013 de chuid an GEFT a bheith ina n-inspioráid. Meastar go ndéanfaidh an GEFT an t-eolas a bhailiú agus a phoibliú ar an gcaoi chéanna don tréimhse 2014-2020.

- "***Formheasfaidh an t-údarás inniúil na tionscadail comhair tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis an dáta ar cuireadh isteach an t-iarratas tionscadail."*** (Alt 3. Airt. 44(3) de Rial. CETFT)

  Chun éascaíocht a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtionscadal ar gá formheas a fháil ó lucht riaracháin éagsúil náisiúnta nó réigiúnach ina leith, ba cheart go ndéanfadh na Ballstáit próiseas tapa cinnteoireachta a chinntiú, ionas nach gcuirfí in aghaidh chomhar GGAnna de bharr nósanna imeachta roghnúcháin agus spriocdhátaí éagsúla. Is í an

uasmhoill ama atá inghlactha faoin rialachán chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar thionscadal comhair ná ceithre mhí.

Moltar go ndéanfadh ÚBanna bealaí a aithint chun tionscadail comhair a fhormheas go sealadach ina gcríoch féin, ag brath ar fhormheas a fháil le haghaidh comhpháirtithe ó ÚBanna eile, laistigh de thréimhse ama réasúnta.

- ***"Cuirfidh na Ballstáit na tionscadail comhair thrasnáisiúnta fhormheasta in iúl don Choimisiún."*** (Airt. 44(4) de Rial. CETFT)

Dhá chuspóir atá i gceist anseo: obair leantach a dhéanamh ar CTN ar leibhéal Eorpach (agus eolas comhdhlúite formheasta á chur ar fáil ag an gCoimisiún); agus ardán a chur ar fáil ionas gur féidir eolas a mhalartú idir na BSanna atá bainteach leis an tionscadal céanna CTN:

Níl nós imeachta comhordaithe formheasa ann agus, mar sin, baineann oibleagáid fógra le gach rud ar leith a fhormheastar. Is féidir le Gréasáin Náisiúnta Tuaithe (GNTanna) cabhrú le hÚdaráis Bhainistíochta an t-eolas riachtanach a bhailiú agus aon obair leantach a dhéanamh. Is féidir le GEFT cabhrú laistigh de raon a chuid cúraimí (Airt. 52(3)(g) de Rial. CETFT[9]) trí eolas a scaipeadh agus a fhoilsiú (féach freisin Rannán 6 thíos).

Ní mór an fógra a dhéanamh tríd an gCóras um Malartú Sonraí Leictreonacha (SFC 2014)[10]. (Féach Aguisín 3 chun dréachtfhoirm tuairiscithe a fháil). Cuirfear tuilleadh eolais mhionsonraithe ar fáil faoin nós imeachta sin in am trátha. Maidir le tréimhsiúlacht na bhfógraí, moltar go ndéanfaí iad sin ar bhonn leanúnach.

Thaispeáin an taithí ó 2007-2013 go bhfuil drogall ar roinnt BS na fógraí a chur isteach mura bhfuil na sonraí go léir acu atá iarrtha ar an bhfoirm. Is é ceann de na príomhaidhmeanna, áfach, ná malartú tapa eolais a chumasú agus, mar sin, tugtar cuireadh do na BSanna formheas a chur in iúl fiú mura bhfuil an fhoirm comhlánaithe go hiomlán. Cuirtear an fhoirm isteach trí SFC ach ní thugann sé sin le tuiscint, más rud é nach raibh an fhoirm comhlánaithe go hiomlán i dtús báire, go mbeidh iarmhairtí diúltacha ann do na BSanna. Ba cheart go ndéanfaí aon eolas eile a nuashonrú san SFC a luaithe agus a chuirfí ar fáil é.

6. Ról na ngréasán tuaithe (GEFT agus GNTanna) i gcomhar LEADER

Liostaítear i Rialachán CETFT na cúraimí atá le comhlíonadh ag an nGréasán Eorpach um Fhorbairt Tuaithe (GEFT) agus ag na gréasáin náisiúnta tuaithe (GNTanna). Tá lámh acu araon i dtacaíocht ghinearálta agus i dtacaíocht theicniúil shonrach a thabhairt do GGAnna i réimse an chomhar LEADER.

Maidir le GEFT, tá sainordú soiléir ann chun tacú le tionscnaimh thrasnáisiúnta agus le gréasáin náisiúnta tuaithe araon i dtaca leis seo. Thairis sin, comhoibreoidh GEFT leis na comhlachtaí líonraithe agus tacaíochta teicniúla CLLD arna gcur ar bun ag na Cistí SEI eile,

[9] Airt. 52(3). Is iad seo a leanas na cúraimí a bheidh ar an ngréasán... (g) tacú le tionscnaimh comhair na ngréasán náisiúnta agus trasnáisiúnta agus leis an gcomhroinnt taithí maidir le gníomhaíochtaí i réimse na forbartha tuaithe le gréasáin i dtríú tíortha.

[10] http://ec.europa.eu/sfc/en/index-page

agus go háirithe maidir le comhar trasnáisiúnta (féach Airt. 52(3)(g) agus (h)(ii) de Rial. CETFT).

Maidir leis na cúraimí comhair atá ag GNTanna, dírítear go sonrach ar chúnamh teicniúil a chur ar fáil agus ar éascaíocht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí comhair GGAnna. Is féidir é sin a dhéanamh trí uirlisí éagsúla oiliúna agus TF, ach is féidir comhairliúchán nó meantóireacht aonair nó chomhchoiteann a chur ar fáil freisin (féach Airt. 54(3)(b)(iii) de Rial. CETFT).

7. Moltaí deireanacha

Chun comhar a chur chun cinn i gcomhthéacs na forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail (CLLD), d'fhéadfadh na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do GGAnna ina nós imeachta roghnúcháin a bhfuil an comhar comhtháite ina straitéisí forbartha áitiúla (SFÁnna) acu. D'fhéadfaidís, mar shampla, critéar chun straitéisí a roghnú a dhéanamh de chaighdeán thograí GGAnna.

Ag cuimhneamh nach féidir na rialacha uile i gcóras comhbhainistíochta a chomhchuibhiú ar leibhéal Eorpach, moltar freisin go ndéanfaí iarracht chun nósanna imeachta agus sainmhínithe an chomhar LEADER a chomhchuibhiú a oiread agus is féidir ar leibhéal BS. Tá sé sin bailí go háirithe maidir le comhar idir-chríochach sna BSanna a bhfuil PFTanna acu, ach freisin maidir leis an gcomhar idir BSanna a bhfuil comhar trasnáisiúnta (CTN) ar siúl acu. Is féidir na doiciméid thagartha atá liostaithe thíos a úsáid chun cabhair a fháil maidir leis an ngné seo.

Ba cheart go dtabharfaí faoi deara gur uirlis ar leith é an comhar LEADER do na GGAnna a bhfuil SFÁ á cur chun feidhme acu. Is féidir úsáid a bhaint as uirlisí eile don chomhar críochach a chuirtear ar fáil ag Cistí SEI - go háirithe na cláir um sprioc chomhair chríochaigh Eorpaigh (CCE) arna maoiniú ag CFRE - chun cur leis an bpróiseas agus sineirgíochtaí a chruthú, ag cuimhneamh i gcónaí ar raon agus ar mhéid éagsúil na dtionscadal a chuirtear chun feidhme.

AGUISÍN 1. Doiciméid thagartha (don tréimhse 2014-2020)

Doiciméid thagartha (don tréimhse 2014-20):

- **Guidance on Community-led Local Development in European Structural and Investment Funds** (Treoir maidir le Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail i gCistí Infheistíochta agus Struchtúrtha na hEorpa) (leagan ó mhí an Mheithimh 2014): rannán 8.4 (Tionscadail comhair) http://ec.europa.eu/regional_policy/sources/docgener/informat/2014/guidance_community_local_development.pdf
- **Guidance on Community-led Local Development for local actors** (Treoir maidir le Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail le haghaidh gníomhairí áitiúla) http://ec.europa.eu/regional_policy/sources/docgener/informat/2014/guidance_clld_local_actors.pdf
- **Fiche birt maidir le LEADER** (le fáil ar CIRCA)

Doiciméid thagartha (don tréimhse 2007-2013):

- Guide for the implementation of the Measure Cooperation under the LEADER axis of Rural Development Programmes 2007-2013 (Eolaí maidir le Comhar Beart a chur chun feidhme faoi ais LEADER na gCláir Forbartha Tuaithe) (Lena n-áirítear eilimintí modheolaíochta.). Le fáil ar: http://enrd.ec.europa.eu/enrd-static/leader/leader/en/transnational-cooperation_en.html
- Grúpa Fócais GEFT 3: "Implementation of the cooperation measure in LEADER" (An beart comhair a chur chun feidhme i LEADER), Tuarascáil chuig fochoiste LEADER den 20 Bealtaine 2010: http://enrd.ec.europa.eu/enrd-static/fms/pdf/BEE357F9-BDB7-6912-A6AE-581D81990191.pdf
- Maidir le gnéithe modheolaíochta an chomhair thrasnáisiúnta (CTN), féach an rannán CTN LEADER ar láithreán gréasáin GEFT ("Practical information and tools on how to set-up and to implement Transnational cooperation projects" [Eolas praiticiúil agus uirlisí chun tionscadail comhair thrasnáisiúnta a chur ar bun agus a chur chun feidhme]): http://enrd.ec.europa.eu/enrd-static/leader/leader/en/transnational-cooperation_en.html
- ENRD Final Report on the State-of-Play of the implementation of Rural Development Programme Measure 421 in the EU-27 (Tuarascáil Deiridh GEFT maidir leis an gCás Mar Atá i ndáil le cur chun feidhme Birt 421 den Chlár Forbartha Tuaithe in AE-27) (Bealtaine 2014): http://enrd.ec.europa.eu/enrd-static/app_templates/enrd_assets/pdf/leader-gateway/Measure_421_State_of_play_FINAL_May_2014.pdf
- Treoirleabhar GNT, Caibidil III, Rannán 3.6: Cúnamh teicniúil don Chomhar Trasnáisiúnta (CTN) agus don chomhar idir-chríochach: http://enrd.ec.europa.eu/enrd-static/app_templates/enrd_assets/pdf/guidebook/3.6.pdf

AGUISÍN 2. Rannán 8.4 den Eolaí CLLD

"8.4. Tionscadail comhair

Faoi CLLD féadfar na Cistí a úsáid chun gníomhaíochtaí comhair na ngrúpaí gníomhaíochta áitiúla a ullmhú agus a chur chun feidhme.

Sainmhínítear go sonrach i rialacháin CETFT agus CEMI raon an chomhair agus na rialacha comhair le haghaidh GGAnna LEADER agus Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla Iascaigh (FLAGanna) CEMI. Mar an gcéanna leis an tréimhse 2007-13, cuirfear tacaíocht ar fáil chun tionscadail idir-chríochacha agus thrasnáisiúnta a chur chun feidhme. Ina theannta sin, má thaispeánann GGAnna go bhfuil tionscadal comhair á ullmhú acu lena chur chun feidhme, féadfar tacú leis an tacaíocht theicniúil ullmhúcháin (m.sh. costais na gcruinnithe idir comhpháirtithe féideartha, staidéir, srl.).

Ar mhaithe le simplíocht agus comhsheasmhacht, moltar go láidir go n-úsáidfí na rialacha céanna le haghaidh CFRE agus CSE.

Tugtar cead go soiléir anois do GGAnna tuaithe agus do FLAGanna i limistéir iascaigh agus i limistéir chósta comhoibriú, ní amháin le comhpháirtithe a bhfuil straitéis forbartha áitiúil á cur chun feidhme acu maidir le limistéir tuaithe nó iascaigh, mar a rinneadh in 2007-2013, ach freisin le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí i gcineálacha eile limistéar a bhfuil straitéis forbartha áitiúil á cur chun feidhme iontu. Féadfar comhoibriú freisin le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí atá ag feidhmiú lasmuigh de theorainneacha an AE: ní féidir comhoibriú faoin CETFT ach le comhpháirtithe i limistéir tuaithe, srian nach gcuirtear chun feidhme faoi CEMI.

D'fhéadfadh an deis seo sineirgíochtaí a chothú idir grúpaí áitiúla a bhfuil straitéisí ar leith acu, mar shampla, grúpaí atá ag feidhmiú (go páirteach) sa limistéar céanna (m.sh. iascaigh uirbeacha agus tuaithe, iascaigh tuaithe nó iascaigh uirbeacha). De bhreis ar an mbuntáiste a bhaineann le taithí a mhalartú agus le foghlaim chomhpháirteach, bhainfeadh GGAnna leas as comhar a fhorbairt bunaithe ar mhórthéamaí ar fearr déileáil leo ar scála níos mó.

Taispeánann an taithí le LEADER agus le hAis 4 den Chiste Eorpach Iascaigh (CEI) go rachaidh na tionscadail comhair chun leasa don GGA/FLAG in a lán cásanna, toisc go bhfuil sé níos coimpléascaí na tionscadail sin a dhearadh agus a bhainistiú ná tionscadail áitiúla.

Is féidir tionscadail comhair a bhainistiú ar dhá bhealach éagsúla (bunaithe ar thaithí LEADER):

8.4.1. Tionscadail comhair a roghnú ag GGAnna

Sa chéad rogha, déantar an comhar a chomhtháthú i straitéisí forbartha áitiúla agus leithdháiltear cistiúchán don comhar (a chumhdaíonn an tacaíocht ullmhúcháin agus na tionscadail) ag an am céanna is a leithdháiltear an buiséad áitiúil. Roghnaíonn grúpaí gníomhaíochta áitiúla tionscadail comhair ar an gcaoi céanna is a roghnaíonn siad tionscadail áitiúla.

8.4.2. Tionscadail comhair a roghnú ag údaráis bhainistíochta

Bíonn tionscadail comhair níos deacra ó thaobh deartha agus bainistíochta de agus, mar sin, féadfaidh roinnt Ballstát ligean don Údarás Bainistíochta na tionscadail sin a roghnú agus

glaonna ar an tacaíocht theicniúil ullmhúcháin a eagrú ar a son freisin. Ní mór glacadh leis seo mar eisceacht ar an gcur chuige ón mbonn aníos.

Sa chás seo, maidir le CETFT, ní mór go gcuirfeadh na hÚdaráis Bhainistíochta córas um iarratais leanúnacha ar bun. Ba cheart go ndéanfaí cinneadh maidir le leithdháileadh cistiúcháin laistigh de cheithre mhí ón dáta a chuirtear an tionscadal isteach. Má roghnaítear tionscadail trí ghlaonna, moltar go ndéanfaí trí nó ceithre ghlao ar a laghad a eisiúint in aghaidh na bliana d'fhonn luas comhchosúil eisiúint formheasa ag na hÚdaráis Bhainistíochta uile, atá bainteach le tionscadal comhair, a chinntiú. Pé scéal é, ba mhinic go leor é seo chun a chinntiú nach gcuirfí isteach ar thionscadail a chur chun feidhme lena mbaineann comhpháirtithe a thagann ó limistéir éagsúla chláir.

Chun éascaíocht a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtionscadal ar gá cead a fháil ó lucht riaracháin éagsúil náisiúnta nó réigiúnach ina leith, ba cheart go ndéanfadh na Ballstáit/réigiúin forálacha iomchuí ionas nach gcuirfí in aghaidh chomhar GGAnna de bharr nósanna imeachta roghnúcháin agus spriocdhátaí éagsúla.

Maidir le comhar trasnáisiúnta, meastar go gcuirfear na hoibleagáidí seo a leanas ar na Ballstáit faoin CETFT agus faoi CEMI d'fhonn tacú le cur chun feidhme foriomlán na dtionscadal sin:

Ní mór na nósanna imeachta riaracháin a chur ar fáil go poiblí, lena n-áirítear liosta de na costais incháilithe.

Chomh maith leis sin, bíonn ar an mBallstát a chur in iúl go rialta don Choimisiún cad iad na tionscadail thrasnáisiúnta a formheasadh. Déanfaidh an Coimisiún córas malartaithe eolais a chur ar bun don CETFT, trína gcabhrófar leis na húdaráis lena mbaineann forbhreathnú a fháil ar an bpróiseas formheasa tionscadail sna Ballstáit dhifriúla."

AGUISÍN 3. Foirm malartaithe eolais

FOIRM MALARTAITHE FAISNÉISE LE hAGHAIDH TIONSCADAIL COMHAIR THRASNÁISIÚNTA
1. Eolas bunúsach faoin tionscadal
1.1. Teideal an tionscadal comhair (lena n-áirítear giorrúchán más ábhartha) [i mBéarla]*:
1.2. A fhad is a mhairfidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe faoin tionscadal comhair*: 1.2.1. Dáta tosaithe: 1.2.2. Dáta críochnaithe:
1.3. Tacaíocht theicniúil ullmhúcháin [atá le cur ar fáil ar leithligh le haghaidh gach comhpháirtí]*: An raibh tacaíocht theicniúil ullmhúcháin ag gabháil leis an tionscadal comhair? Bhí ☐ Ní raibh ☐
1.4. Topaicí / eochairfhocail an tionscadail [roghchlár anuas]*
1.5. Costas iomlán thar shaolré an tionscadal comhair (€)*: sciar CETFT: ranníocaíocht phoiblí eile: ranníocaíocht phríobháideach: Más rud é go ndearnadh cistí eile a chruinniú, sonraigh méid na gcistí sin:
1.6. Eolas breise (nó láithreán gréasáin an tionscadail) [tabhair tuairisc ghearr ar an tionscadal]:
2. **Eolas faoi na comhpháirtithe comhair**
2.1. Sonraí GGA 1*:
2.1.1. Ainm oifigiúil an GGA [roghchlár anuas]: 2.1.1.1. Príomhchomhpháirtí: Sea ☐ Ní hea ☐
2.1.2. Duine teagmhála GGA don chomhar 2.1.2.1. Ainm: 2.1.2.2. Seoladh an teagmhálaí: 2.1.2.3. Uimh. Theileafóin: 2.1.2.4. Ríomhphost: 2.1.2.5. Teangacha a labhraítear/thuigtear:
2.1.3. Dáta formheasta an tionscadail:
2.2. Sonraí GGA 2:
2.2.1. Ainm oifigiúil an GGA [roghchlár anuas]: 2.2.1.1 Príomhchomhpháirtí: Sea ☐ Ní hea ☐
2.2.2. Duine teagmhála GGA don chomhar 2.2.2.1. Ainm: 2.2.2.2. Seoladh an teagmhálaí: 2.2.2.3. Uimh. Theileafóin: 2.2.2.4. Ríomhphost: *2.2.2.5. Teangacha a labhraítear/thuigtear:*

2.2.3. Dáta formheasta an tionscadail:
2.3. Sonraí comhpháirtí eile [murar GGA an comhpháirtí sin]:
2.3.1. Ainm oifigiúil an chomhpháirtí:
2.3.2. Ainm an duine theagmhála don chomhar 2.3.2.1. Ainm: 2.3.2.2. Seoladh an teagmhálaí: 2.3.2.3. Uimh. Theileafóin: 2.3.2.4. Ríomhphost: 2.3.2.5. Teangacha a labhraítear/thuigtear:
3. Údarás Bainistíochta Inniúil 1 (sonraí an duine theagmhála): 3.1 PFT [roghchlár anuas]*: 3.2 Ainm: 3.3 Seoladh an teagmhálaí: 3.4 Uimh. Theileafóin: 3.5 Ríomhphost:
4. Údarás Bainistíochta Inniúil 2 (sonraí an duine theagmhála): 4.1 PFT [roghchlár anuas]*: 4.2 Ainm: 4.3 Seoladh an teagmhálaí: 4.4 Uimh. Theileafóin: 4.5 Ríomhphost:
5. Stádas an tionscadail*: 5.1 Ar siúl go fóill: 5.2 Curtha ar ceal: 5.3 Curtha i gcrích:

* éigeantach